# Puzail Tarsia 3: Na Meancóga a Aimsiú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí, ailgéabar, rialacha agus airíonna<br>Cruth agus Spás- cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú.<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán comhshleasach, traipéisiam, heicseagán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán,  rombas, slios, sleasa, comhionann, teisiliú, réitigh, straitéis, suimigh, dealaigh, roinn, iolraigh, codán, deachúil, sraith, lúibíní, cothromóid, ailgéabar, cearnach, ciúbach |
| **Áiseanna** | triantáin chomhshleasacha le gearradh amach, siosúr, gliú |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar thaithí na ndaltaí ar Ghníomhaíochtaí Tarsia 1 & 2.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid puzal teisilithe Tarsia bunaithe ar thopaic ailgéabair a réiteoidh dalta nó beirt eile. Agus iad ag scríobh a gcuid leideanna cuireann siad meancóga san áireamh atá le haimsiú ag an duine eile. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí roinnt de na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- uimhreacha diúltacha
- lúibíní
- patrúin
- athróga
- cearnóga nó ciúbanna

Roinneann siad a bpuzail chríochnaithe Tarsia lena gcomhscoláire leis na meancóga a aimsiú. Nuair a bheidh sé sin déanta acu, roinnfidh siad a straitéisí maidir leis na meancóga a aimsiú. Measann siad na puzail agus smaoiníonn siad ar na rudaí a d'oibrigh go maith agus ar na rudaí a d'athródh siad. Is féidir na puzail a léiriú sa tseomra ranga nó iad a roinnt ar fhóram ar líne.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cá mhéad meancóg a d'aimsigh tú?<br>• Cad é an freagra ceart ar an cheist seo?<br>• Cén teideal a thabharfá ar an phuzal seo? | • Cá háit ar thosaigh tú? Cad chuige?<br>• Cad é mar a bhí a fhios agat go raibh an freagra seo ceart/mícheart?<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuair tú na meancóga uilig?<br>• Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara sna meancóga?<br>• Cad é an chuid is dúshlánaí/is fusa faoin ghníomhaíocht seo? Cad chuige?<br>• Dá ndéanfá do phuzal Tarsia arís, cad é a d'athrófá agus cad chuige?<br>• Cad é a bheadh ort a dhéanamh leis an chruth seo a dhéanamh go cruth x? |

## Difreáil

Socraigh inneachar agus líon critéar agus/nó líon meancóg le bheith mar chuid de na puzail Tarsia nó atá le haimsiú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.